

❖ An Lúibín ❖

18 Iúil 2011

Taighde agus Teagasc na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh

Ná deamadamis an chomhdháil idirnáisiúnta a bheidh ar siúl ag an *Official Languages and Bilingualism Institute (OLBI) / Institut des langues officielles et du bilinguisme (ILOB)*, Ollscoil Ottawa, Ceanada, 27-28 Deireadh Fómhair, 2011. Tá neart cainteoirí líofa Gaeilge ar fud an domhain anois, agus cuireann an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge in Éirinn béim ar mhúineadh na Gaeilge in institiúidí tríú leibhéal thar lear. Is léir go bhfuil baint aige sin le cothú na teanga i Meiriceá Thuaidh.

Beidh ceithre sheisiún ann le linn dhá lá na comhdhála:

- * *Dátheangachas*
- * *Teicneolaíocht agus Oideolaíocht*
- * *Taighde agus Scribhneoireacht na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh*
- * *Comhoibriú: Institiúidí Tríú Leibhéal agus Comhphobal na Gaeilge*

Is iad na spreagchainteoirí Sylvie Lamoreaux ó Ollscoil Ottawa, Joe Lee ó Ollscoil Nua Eabhrac, Brian Ó Conchubhair ó Ollscoil Notre Dame, agus Trevor Ó Clochartaigh, Seanadóir i Seanad na hÉireann agus iar-Eagarthóir *Gaelscéal*.

Féach <http://www.ilob.uottawa.ca/20bliain>.



Gaeilge an Chaisleáin Nua

Tá deireadh anois le cainteoirí dúchais dheisceart Thiobraid Árann, cé go raibh siad fós ann i ndaichidí na haoise seo caite timpeall an Chaisleáin Nua, láimh le Cnoc Mhaoldomhnaigh. Níl dearmad déanta anois orthu, áfach, ná ar Shéamas Ó Maolchathaigh, údar *An Gleann agus a Raibh Ann*, cuntas ar an nGaeltacht a bhí ann le linn a thuismitheoirí. Tá féile ainmnithe as an Maolchathach anois agus í le bheith ar siúl sa Chaisleán Nua i Mí Iúil feasta.

Ní hé nach bhfuil lucht Gaeilge a labhairt le fáil sa cheantar seo i ndeisceart Thiobraid Árann. Tá an teanga ina horlaí trí Bhéarla na háite fós, agus tá dream ann ar mhaith leo an Ghaeilge a athbheochan sa cheantar. Tá coláiste samhraidh – Coláiste Cois Siúire - ann ón mbliain 1992 i leith (leagan athchóirithe de cheann níos sine), beirt mhúinteoir ann agus ranganna ar siúl do dhaoine óga. Tá naionra ann ón mbliain 1997 i leith, agus bíonn siúlóidí dúlra ar siúl trí Ghaeilge.

Ní mór an áit é an Caisleán Nua – sráid agus clibín tithé. Tá baint aige le barúntacht Uíbh Eoghain agus Uíbh Fhathaidh Thiar (a tugtar Uí Fathadh agus Uí Fothadh Thiar air uaireanta). Sa bhliain 1800 bhí Gaeilge ó dhúchas ag an bpobal go léir beagnach, agus bhí sí ag 60% acu ar a laghad sna 1860í féin, tamall maith tar éis an Drochshaoil. Gaolainn na nDéise a bhí i gceist agus tréithe ar leith ag baint léi: dhéantaí *ceárthú* de cheathrú, agus dhéanadh an mheititéis *burdán* de bhradán agus *burlach* de bhrollach. Ba mhinic *de á* úsáid in ionad an ghinidigh rannaigh: *mórán de dhua*. Chloistfeá *bhuaileadh é seachas buaileadh é* agus *pé áit a bhíodh sí seachas pé áit a mbíodh sí*. Canúint í a d'fhag a lorg ar Bhéarla na háite, agus bheadh dúil agat go mbeadh a rian ar pé Gaeilge a bheidh ann feasta.

Chun súil a chaitheamh ar thimpeallacht na háite, féach <http://www.logainm.ie/1165604.aspx>: *An Caisleán Nua, Co. Thiobraid Árann*. Cliceáil ar '**Léarscáil níos mó**' faoin léarscáil bheag.

Le léamh:

Séamus Ó Maolchathaigh, *An Gleann agus A Raibh Ann*. An Clóchomhar Tta 1974 (an chéad chló 1963).



Faigh réidh leis an éigeantas, a deir na daltaí

B'fhearr le daoine óga gan an Ghaeilge a bheith éigeantach sa mheánscoil, rud nach gcuirfeadh iontas ar an té a bhfuil suim aige sa scéal agus eolas aige air. Tagann an scéala ó shampla beag de dhaltaí (ocht nduine is ochtó) a tháinig le chéile ag fóram oifigiúil i mBaile Átha Cliath i Mí na Samhna an bhliain seo caite, agus dá laghad é a líon níl aon amhras ná go mbeadh formhór mór a leithéidí ar aon aigne leo faoi cheist na teanga. Táthar tar éis an tuarascáil a fhoilsiú.

B'fhearr leis an daltaí freisin cúrsaí dhá bhliain a dhéanamh den chúrsa sóisearach, cúrsa trí bliana a dhéanamh den cheann sinsearach, breis béime a chur ar ábhair phraiticiúla agus ar scileanna beatha, agus modhanna nua múinteoireachta a chur á dtríail. Shíl mórán acu gur mór an cúnamh chun ábhar a fhoghlaim cion a bheith agat ar an múinteoir, agus gurbh fhiú ábhair shinsearacha a 'bhlaiseadh' sa chúrsa sóisearach.

Dúirt na daltaí nach raibh gá ach le dhá ábhar éigeantacha – Béarla agus matamaitic.

Tugaimis aird, mar sin, ar a raibh le rá ag Seán Ó Cionfhaola, athphríomhoide, i litir chun *The Mayo News* (5/7/110) – rud a dúradh minic go leor cheana ach is fiú a rá arís: go dtéann dearcadh na dtuismitheoirí i leith na teanga i bhfeidhm go mór ar a gclann. Is é cion na dtuismitheoirí ar an teanga (más cion é seachas neamhshuim) a chuireann ar chumas na bpáistí tabhairt faoin teanga i ndáiríre. Is é an deacracht atá ann gur ghabh na tuismitheoirí tríd cheana agus gan acu dá bharr ach an cúpla focal.

Níl de leigheas air ach an tumoideachas, agus b'fhéidir go dtiocfadh sin de bharr na leasuithe atá geallta ag an rialtas. Mura dtagann, meathfaidh an Ghaeilge éigeantach gan mhoill. Tá na daltaí á tréigean cheana ina gcroí istigh, rud is léir ón bhfóram, agus tá cuid mhaith acu á tréigean i ndáiríre ar na cúiseanna is suaraí. Ní déanach í an mhaith aon uair, a deirtear, ach níor tháinig fós an mhaith a thabharfadh an t-éigeantas slán.



Acht le héifeacht, Údarás ar seachrán

Deir Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga, gur bás atá i ndán don Ghaeilge mar theanga bheo sa Ghaeltacht 'má leanann an Stát de bhrú a chur ar phobal na Gaeltachta Béarla a úsáid ina gcuid gnóthaí oifigiúla'. Deir sé go bhfuil sé in am fáil réidh leis na scéimeanna a ceapadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge agus córas nua a bheartú de réir rialacháin reachtúla. Dhéanfaí rangú ar eagraíochtaí Stáit chuige de réir réimse a bhfeidhme.

Molann sé chomh maith go gcuirfí iallach ar chomhlachtaí poiblí seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge sa Ghaeltacht atá chomh maith le seirbhísí trí Bhéarla in áiteanna eile. Deir sé gur cóir modh nua earcaíochta agus oiliúna a úsáid chuige agus gur gá an cosc earcaíochta atá ann faoi láthair a mhaolú dá réir.

Deir an Cuirreánach nach fiú foilseacháin oifigiúla a aistriú mura bhfuil glaoch ag an bpobal orthu. Déanta na fírinne, ní bheadh an rialtas ar mhalairt intinne i ngeall air seo, agus rún aige athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht lena chinntiú go gcaithfí airgead go héifeachtach feasta.

Ghearáin an Coimisinéir idir an tSeirbhís Sláinte agus Músaem Náisiúnta na hÉireann leis an Dáil tar éis gur theip ar an mbeirt aon aird a thabhairt ar roinnt moltaí dá chuid. Rinne an Músaem faillí i gceist na Gaeilge nuair a bhí foireann á n-earcú agus foilseacháin á gcur amach, agus níorbh fhiú leis an tSeirbhís Sláinte seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge sa Ghaeltacht ná fógraí eile a fhoilsiú i nGaeilge. Deir daoine éigin, ar ndóigh, nach fiú dada an rír a léir, mar gurb iad na 'Irish-language fanatics' amháin atá buartha faoin scéal.

Tá a fhios ag an Aire Dinny McGinley, feighlí na Gaeltachta, go bhfuil an Ghaeltacht ar an dé deiridh. Dá ainneoin sin, molann sé Údarás na Gaeltachta as poist a chur ar fáil. Ach tá tuairimí eile ann, agus Donncha Ó hÉallaithe, saineolaí agus fear cáinte, ag cur cuid acu in iúl. Deir sé go bhfuil an moladh úd tuillte go maith ag an Údarás ach ní hé sin a phríomhchúram: 'Caomhnú agus leathadh na Gaeilge mar phríomh-mheán cumarsáide sa Ghaeltacht, an príomhchúram atá ceaptha a bheith ag an Údarás, do réir na reachtaíochta'. Agus theip go dona ar an Údarás é sin a dhéanamh, dar leis.

Luann sé an tOllamh Micheál Ó Cinnéide, duine a dúirt, i dtuairisc dá chuid, go raibh an tÚdarás 'tar éis cur go mór le húsáid an Bhéarla sa Ghaeltacht'. Deir Ó hÉallaithe gur dóigh le lucht an Údaráis gurb é an cúram atá orthu postanna a chur ar fáil, beag beann ar cé bheadh ag obair iontu nó cén tionchar a bheadh ag an bhfostaíocht seo ar theanga an phobail.

Trí fhadhb atá ann, dar leis: an Bord a bheith rómhór; an oiread sin polaiteoirí áitiúla a bheith ar an mBord a bhfuil drogall orthu vótáil a chailleadh trí thosach a thabhairt don teanga seachas do phostanna; agus easpa saineolais.

B'fhearr leis bord beag agus ionadaithe air ó eagraíochtaí pobail atá ag iarraidh an Ghaeilge a chaomhnú. Ní mór, mar sin, teorainneacha nua Gaeltachta a shocrú de réir cúinsí teangeolaíochta, mar atá geallta ag an Rialtas. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí an Ghaeltacht nua a roinnt ina ceantair 'nádúrtha' agus ciall leo ó thaobh na tíreolaíochta de agus ó thaobh cúrsaí teanga.



An stair agus an scéal

'Níl stair na hÉireann scríofa fós' a dúirt Alan Titley, acadóir, criticeoir agus údar, in alt ar *The Irish Times* ('Doras Feasa,' 23/6/11). Deir sé (mar a dúirt mórán eile nach é) nach bhfaighimid ach 'foinsí stáit agus cabaireacht na n-uasal, scríobadh caol ar barra, uachtar breoite an chinsil'.

Is é a bharúil nach ndéantar ach 'feacadh glúine' i dtreo an bhéaloidis agus na háirseolaíochta, agus go bhfághtar an stair shóisialta 'i dtaobh le giúirléidí, le huirlisí, le hiontstraimintí, le ciúitrimintí, le cip agus le meanaithí an tsaoil ábhartha'. Eisceacht ba ea *Foras Feasa ar Éirinn* Shéathrúin Chéitinn, dar leis, agus an bheatha dhaonna le brath go beo ann.

Is breá leis, áfach, *Manuaíl de Litríocht na Gaeilge*, saothar ó lámh Breandáin Uí Dhoibhlin nach leabhar é in aon chor ach sé cinn d'fhaisiclé nó d'imleabhair atá ag teacht amach le deich mbliana anuas: 'díolaim de scoth an mhachnaimh agus na mothála a déanadh in Éirinn le 500 bliain anuas go dtí lár an 19ú haois'. Deir Titley:

Ná cuireadh an focal "Litríocht" as duit sa teideal. Litríocht is ea an stair, agus stair is ea an litríocht. Is í an litríocht an craiceann atá laistigh den stair, an taobh istigh amuigh. Dá éamais sin, áfach, tugann Ó Doibhlin aistí léannta dúinn ar gach gné de ghluaiseacht na staire sin dúinn ó 1500 (nuair a thosnaíonn an chéad imleabhar) i leith, aistí greanta cúrsacha a shuíonn scéal na hÉireann go daingean sa smaointeoireacht a bhí réimíúil ag aon am ar leith.

Níl saothar an Doibhlinigh léite againn, ach bheadh na meiteastaraithe ar aon aigne le Titley maidir le cruth na scéalaíochta a bheith ar leagan ar bith den stair – rud ar cuid dár ndúchas é mar bhaill den chine daonna. Níl ionainn féin ach scéal agus ní féidir linn eachtra ar bith a chur in iúl ach amháin mar scéal, cuma cén scagadh a dhéanfaimis ar chomhdhéanamh agus ar bhunús an ábhair. Rud é a eascraíonn ón gcuid is doimhne agus is diamhaire dinn, agus más scéal é ní hionann sin is a rá nach é an fhírinne freisin é – pé rud is fírinne ann. Scéal agus tráchttaireacht araon is ea *Foras Feasa ar Éirinn*, machnamh, bréagnú agus dearbhú, agus tá scéalta eile istigh ann, ar nós an chinn seo faoi Chormac Mac Airt rí Éireann:

Is amhlaidh do bhí Cormac an tráth sin agus draoithe Albanacha ina fhochair ann, agus iad ag imirt iomaid draíochta ar rí Mumhan agus ar a mhuintir; agus go háirithe níor fágadh aon bhraon uisce láimh le longfort rí Mumhan, ionas go rabhadar daoine agus airnéis i nguais bháis d'easpa uisce, ionas gurbh éigean do rí Mumhan fios do chur i ndáil Mhogha Roith, draoi do bhí i gCiarraí Luachra; agus do mhair an Mogh Roith seo le naoi rí dhéag.

Agus mar tháinig Mogh Roith b'éigean don rí dhá thríocha céad Fhear Maighe, dá ngairtear Críoch Róisteach agus Críoch Chondúnach, do thabhairt dó. Agus leis sin do scaoil Mogh Roith an glas do bhí ar an uisce, dá choinneáil ó shlua rí Mumhan, maille le ga gintlí do bhí aige do theilgean san aer suas, agus san áit inar thuirling an ga, do ling tobar aisti le'r fóireadh fir Mumhan ón éigean tarta ina rabhadar.

Scéal é sin ar cuid de sheanchas na tíre é – 'seanchas Éireann,' mar a deir an Céitinneach. Is léir, mar sin, nach cuntas stairiúil sa ghnáthchiall atá i gceist aige ach rud is cosúla le finscéal cine. Tá croineolaíocht ann, gan dabht, agus tagairtí do dhaoine stairiúla, ach tá scéal á ríomh ann agus a bhrí féin le baint as.

Ní hé seo an stair mar a chuimhnítear air de ghnáth – iarracht ar ar tharla san am a chuaigh thart a mheas, a scagadh agus a scrúdú chomh fuarchúiseach agus is féidir. Ach an staraí ar mian leis an lucht léitheoireachta a mhealladh anois féin ní fiú dó a bheith róthur: ní mór dó scéal a ríomh a bhfuil blas na daonnachta air. Ní hé sin le rá go bhfuil an tuire féin gan feidhm; baineann an cruinneas agus an chaolchúis leis, fiú mura bhfuil ann lena léamh ach scata speisialtóirí. Ach is fearr leis an ngnáthdhuine rud eile – seanchas mór an tsaoil. Soiléiríonn an Céitinneach stair aigne a muintire.

--

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Faigh réidh leis an éigeantas, a deir na daltaí

B'fhearr le daoine óga gan an Ghaeilge a bheith éigeantach sa mheánscoil. Seo an rud a dúirt ocht ndalta is ochtó a tháinig le chéile ag fóram oifigiúil i mBaile Átha Cliath i Mí na Samhna an bhliain seo caite.

B'fhearr leis an daltaí freisin go gcuirfí breis béime ar ábhair phraiticiúla agus ar scileanna beatha, agus go mbainfí triail as modhanna nua múinteoireachta. Shíl mórán acu go raibh tábhacht le cion a bheith agat ar an múinteoir féin.

Dúirt na daltaí nach raibh gá ach le dhá ábhar éigeantacha – Béarla agus matamaitic.

Deir daoine áirithe go dtéann dearcadh na dtuismitheoirí i leith na teanga i bhfeidhm go mór ar a gclann. Is é an deacracht atá ann nár bhain na tuismitheoirí féin taitneamh as an nGaeilge éigeantach.



Acht le héifeacht, Údarás ar seachrán

Deir Seán Ó Cuirreáin, an Coimisinéir Teanga, go bhfaighidh an Ghaeilge bás sa Ghaeltacht má leanann an Stát air ag brú Béarla ar an bpobal i ngnóthaí oifigiúla. Deir sé gur chóir córas nua a dhéanamh de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla chun seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge.

Molann sé chomh maith go dtabharfaí i bhfad níos mó Gaeilgeoirí isteach sna comhlachtaí poiblí chun cuidiú le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Deir an Cuirreánach freisin nach fiú foilseacháin oifigiúla a aistriú mura bhfuil éileamh ag an bpobal orthu.

Rinne an Coimisinéir idir an tSeirbhís Sláinte agus Músaem Náisiúnta na hÉireann a ghearán leis an Dáil toisc gur theip orthu freastal ar an bpobal trí Ghaeilge.

Tá Údarás na Gaeltachta á mholadh as poist a chur ar fáil sa Ghaeltacht. Ach deir Donncha Ó hÉallaithe, saineolaí Gaeilge, go bhfuil ag teip ar an Údarás an Ghaeilge a chaomhnú sa Ghaeltacht, agus go bhfuil sé ag cur le húsáid an Bhéarla ann. Deir sé gur ceart (mar atá geallta ag an rialtas) teorainneacha nua Gaeltachta a shocrú de réir líon na gcainteoirí dúchais agus Bord nua a bheith ann a mbeadh ionadaithe áitiúla ag baint leis.



An stair agus an scéal

Deir Alan Titley, acadóir agus údar Gaeilge, nach bhfuil stair na hÉireann scríofa fós. Deir sé (mar a dúirt mórán eile cheana) nach bhfaighimid ach 'foinsí stáit agus cabaireacht na n-uasal'. Is dóigh leis nach dtugtar aird cheart ar an mbéaloideas agus ar an árseolaíocht. Is measaide an stair shóisialta é, cé go bhfuil meas aige ar *Foras Feasa ar Éirinn*, leabhar le Séathrún Céitinn ón seachtú haois déag, toisc go bhfuil blas na beatha daonna air.

Is maith leis freisin *Manuaíl de Litríocht na Gaeilge*, saothar le Breandán Ó Doibhlin. Deir Titley: 'Ná cuireadh an focal "Litríocht" as duit sa teideal. Litríocht is ea an stair, agus stair is ea an litríocht. Is í an litríocht an craiceann atá laistigh den stair, an taobh istigh amuigh'.

Bheadh na meiteastaraithe ar aon aigne le Titley maidir le cuma na scéalaíochta a bheith ar an stair. Ní féidir linn eachtra ar bith a chur in iúl ach amháin mar scéal. Tá baint aige sin leis an gcuid is doimhne agus is diamhaire dinn.

Scéal agus tráchtareacht araon is ea *Foras Feasa ar Éirinn*, agus scéalta eile istigh ann, ar nós an chinn faoi Chormac Mac Airt, rí na hÉireann. Bhí draoithe Albanacha aige agus iad ag imirt draíochta ar rí Mhumhan agus ar a mhuintir. Dá bhrí sin níor fágadh aon bhraon uisce i gCúige Mumhan agus bhí daoine ag fáil bhais. B'éigean do rí Mhumhan fios ar a chur ar Mhogh Roith, draoi a mhair le naoi rí dhéag. Thug an rí méid mór talún do Mhogh Roith, agus chaith an draoi ga gintlí suas san aer. Tháinig tobar as an áit ar thuirling an gha.

Scéal é sin a bhaineann leis an seanchas is sine sa tír: ní stair sa ghnáthchiall atá i gceist ach finscéal cine.